Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Ráiteas Straitéise BIÉ 2016-2021

Samhain 2016

Clár Ábhair

1 Réamhrá 4

Bonneagar Iompair Éireann 4

Bunchuspóir, Fís agus Luachanna BIÉ 4

Cuspóir an Ráitis seo ar Straitéis 5

An Gréasán Bóithre Náisiúnta 5

An Gréasán Luas 8

Beartas Iompair 9

2 Cuspóirí straitéiseacha BIÉ - na rudaí a chuirfimid i gcrích 11

Cuspóir 1 – Gréasáin shábháilte bhóithre agus iarnróid éadroime 11

Cuspóir 2 – Luach sócmhainní na ngréasán bóithre náisiúnta agus iarnród éadroim a choinneáil 12

Cuspóir 3 – Gréasáin sheasmhacha bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim 13

Cuspóir 4 – Brú tráchta a laghdú ar na gréasáin bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim 14

Cuspóir 5 – Gréasáin inrochtana bhóithre agus iarnróid éadroim 15

Cuspóir 6 – Gréasáin inbhuanaithe bhóithre agus iarnróid éadroim 15

Cuspóir 7 – Oibríochtaí tráchtála atá inbhuanaithe ó thaobh airgid de 17

3 Mar a oibreoimid 18

Ionracas 18

Meon na Seirbhíse Poiblí 18

Comhoibriú 19

Nuálaíocht 19

4 Acmhainní agus Imlonnú 21

Caiteachas agus maoiniú 21

Daoine agus Struchtúr Eagraíochta 21

Réadmhaoin 22

Aguisín A 23

Liosta na bhFigiúirí

Figiúr 1: An Gréasán Náisiúnta Bóithre 7
Figiúr 2: An Gréasán Luas 8

Gluais na dTéarmaí/ Liosta na nGiorrúchán

Téarma	**Míniú / Brí / Sainmhíniú**
CSBE	Comhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa
CCI	Córais Chliste Iompair
ÚBN	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
ÚNI	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
GFI	An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród
BIÉ	Bonneagar Iompair Éireann
CIIP	Cumann Idirnáisiúnta um Iompar Poiblí

1 Réamhrá

Bonneagar Iompair Éireann

Bunaíodh Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) ar an 1 Lúnasa 2015 mar thoradh ar chumasc idir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród. Is Gníomhaireacht Stáit faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é BIÉ agus mar sin, an príomhfheidhm atá aige ná cur chuige imeasctha a sholáthar maidir le forbairt agus oibriú an ghréasáin bhóithre náisiúnta agus, trí obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, cur chuige imeasctha a sholáthar maidir le forbairt agus oibriú bhonneagar iarnróid éadroim Bhaile Átha Cliath freisin.

Tugann BIÉ dhá eagraíocht le chéile ar mhaithe le bonneagar agus seirbhísí iompair atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus ar an gcaoi sin, tacaíocht a thabhairt do cháilíocht beatha agus d'fhás eacnamaíocht níos fearr. Tugann BIÉ le chéile freisin saineolas agus dea-theist chruthaithe na n-eagraíochtaí a thug Luas agus an gréasáin mótarbhealaigh náisiúnta chun críche. Leis seo, tugtar deis dúinn luach níos fearr ar airgead a sholáthar trí obair a dhéanamh ar scála níos mó agus trí inniúlachtaí tráchtála, airgeadais agus teicniúla an ÚBN agus an GFI a chur le chéile.

Táimid i lár idirthréimhse anois. Cé go leanfaimid orainn inár ról mar ghníomhaireacht sholáthair an mhórbhonneagair iompair, táimid ag gluaiseacht i dtreo róil mar bhainisteoir gréasáin iompair agus mar sholáthróir seirbhísí iompair bóithre agus iarnróid éadroim atá dírithe ar chustaiméirí agus atá feasach ó thaobh na tráchtála de.

Bunaíodh BIÉ mar chuid den chlár um athstruchtúrú gníomhaireachta dá bhfuil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tiomanta i gcomhthéacs an phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí.

Bunchuspóir, Fís agus Luachanna BIÉ

Bunchuspóir

Bonneagar agus seirbhísí iompair atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus ar an gcaoi sin, cáilíocht beatha níos fearr a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíochta.

Fís

- A bheith inár gceannródaithe maidir le soláthar agus oibriú an bhonneagair iompair.
- A chinntiú go bhfuil bonneagar bhóithre náisiúnta agus iarnród éadroim na hÉireann sábháilte, inbhuanaithe agus seasmhach, agus go gcuirtear ar fáil inrochtaineacht agus luaineacht níos fearr le haghaidh daoine agus earraí.
- Cáil a bheith ar BIÉ mar eagraíocht a bhfuil meas aige ar a daoine, ar a custaiméirí agus ar a comhpháirtithe.

Luachanna

- **Ionracas:** Spreagaimid muinín trí mhacántacht, trí chothroime agus trí chuntasacht a chothú.
- **Meon na Seirbhíse Poiblí**: Táimid tiomanta do sheirbhís atá ar ardchaighdeán agus luach ar airgead a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann.

- **Comhoibriú**: Bainimid ár spriocanna amach trí obair éifeachtach bhuíne, trí chumarsáid agus trí chomhpháirtíocht a chothú.
- **Nuálaíocht**: Bíonn réitigh chruthaitheacha á lorg againn chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí teicneolaíochtaí agus cleachtais nuálacha a chur ar bun.

Cuspóir an Ráitis seo ar Straitéis

Déanann an Ráiteas Straitéise seo cur síos ar fhís agus ar chuspóirí straitéiseacha BIÉ agus leagtar amach ann na spriocanna a bhfuil sé ar intinn againn a bhaint amach ar son úsáideoirí bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne. Maidir le gach cuspóir straitéiseach, déanann an Ráiteas cur síos ar an tslí a gcuirfimid ár bhfís agus ár gcuspóirí straitéiseacha i ngníomh.

Is laistigh de chreat an Ráitis Straitéiseach seo a dhéanfaimid ár bPleananna Gnó agus ár mbuiséid a fhorbairt, nithe a leagann amach spriocanna inghnóthaithe agus spriocanna feidhmíochta sonracha bliantúla le haghaidh gach Rannóg de chuid BIÉ.

An Gréasán Bóithre Náisiúnta

De réir fhorálacha Acht na mBóithre 1993 go 2015, tá freagracht iomlán ar Bhonneagar Iompar Éireann maidir le gréasán na bpríomhbhóithre agus na mbóithre náisiúnta den dara grád in Éirinn a oibriú, a chothabháil agus a fheabhsú. Tá an gréasán seo 5,300km ar fhad agus tá mótarbhealaigh, carrbhealaigh dúbailte agus carrbhealaigh singil san áireamh ann. Taispeántar an Gréasán Bóithre Náisiúnta i bhFigiúr 1.

Is faoi Chonarthaí um Chothabháil agus Athnuachan Mótarbhealaigh le gnóthlachtaí san earnáil phríobháideach a dhéantar cothabháil ar na mótarbhealaigh go léir sa ghréasán bóithre náisiúnta agus ar an gcuid is mó de na carrbhealaigh dúbailte (thart ar 1,150km san iomlán); é sin nó déantar iad a chothabháil agus a oibriú faoi shocruithe Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí. Ina gcáil mar údaráis bhóithre, is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann an chuid eile de na carrbhealaigh dúbailte agus carrbhealaigh singil atá sa ghréasán a bhainistiú go díreach.

Is iad seo a leanas na príomhfhreagrachtaí atá ar BIÉ maidir le hoibríochtaí agus bainistíocht an ghréasáin bhóithre:

- Maoiniú a leithdháileadh agus maoirseacht a dhéanamh ar oibreacha feabhsuithe
- Oibríochtaí mótarbhealaigh agus tolláin
- Ionaid sheirbhíse
- Oibríochtaí dola
- Lárionad Oibríochtaí Mótarbhealaigh agus Seirbhísí Faisnéise Taistil le haghaidh úsáideoirí bóthair
- Bainistíocht sócmhainní ina n-áirítear pábháil agus droichid
- Cothabháil bóithre

- Seirbhísí geimhridh
- Freagairt ar eachtraí agus pleanáil éigeandála



Figiúr 1: An Gréasán Náisiúnta Bóithre

An Gréasán Luas

Is le Bonneagar Iompair Éireann Luas, arb córas iarnróid éadroim Bhaile Átha Cliath é, agus déanann BIÉ é a chothabháil agus a fheabhsú. Is faoi chonradh a dhéanann Transdev Dublin Light Rail Ltd an córas Luas a oibriú. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chuireann freagracht ar BIÉ Conradh Oibriúchán Luas a bhainistiú.

Dhá líne ar leith atá i gceist leis an ngréasán Luas. Tá an Líne Dhearg 20km ar fhad agus téann sé ó Thamhlacht, in iardheisceart Bhaile Átha Cliath, trí lár na cathrach go dtí an tIosta i gceantar Dhugaí Bhaile Átha Cliath. Tá dhá ghabhlóg ar an líne seo a ndéanann freastal ar Stáisiún Uí Chonghaile agus ar Theach Sagard. Tá an Líne Ghlas 16km ar fhad agus téann sé ó Ghleann Bhríde in oirdheisceart Bhaile Átha Cliath go dtí Faiche Stiabhna i lárionad dheisceart na cathrach. Tá naisc den scoth ag Luas do nóid eile iompair phoiblí, an bus, DART agus iarnród bruachbhailteach san áireamh, chomh maith le naisc don ghréasán bóithre náisiúnta ag na láithreáin Pháirceála agus Taistil.

Is síneadh 6km é Luas Traschathrach, atá á thógáil faoi láthair chun an Líne Ghlas a shíneadh ó thuaidh trí lár na cathrach, áit a malartóidh sí leis an Líne Dhearg, agus ar aghaidh chuig Droichead Broome, áit a malartóidh sí le seirbhísí iarnród bruachbhailteach ón iarthar.

In 2015, thaistil 35 milliún paisinéir ar Luas, i gcomparáid le 120 milliún ar Bhus Átha Cliath agus 30 milliún ar na gréasáin DART agus iarnród bruachbhailteach.

Taispeántar an Gréasán Luas i bhFigiúr 2.



Figiúr 2: An Gréasán Luas

Beartas Iompair

Tá BIÉ faoi réir roinnt beartas agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le hiompar a shocraíonn an comhthéacs ina sholáthraímid ár seirbhísí agus a thugann bunús dár gcuspóirí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí.

Infheistiú a dhéanamh inár gcóras iompar todhchaí: Creat straitéiseach le haghaidh infheistíochta in iompar ar tír

Sa doiciméad beartais seo arna fhoilsiú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2015, leagtar amach sraith bunphrionsabal. Dearadh na bunphrionsabail sin ar mhaithe le teacht ar agus díriú ar na cinntí straitéiseacha atá le déanamh in Éirinn thar tréimhse 30 bliain maidir le hinfheistíocht ar tír, chomh maith le tús áite a thabhairt do na bunphrionsabail chéanna freisin.

Baineann trí chuid leis na moltaí agus tosaíochtaí a leagtar amach sa bheartas:

- eilimintí an chórais iompar atá tábhachtach go straitéiseach a chothabháil agus a athnuachan ar mhaithe le hinfheistíocht a rinneadh ní ba luaithe a chosaint agus chun a n-oibriú riachtanach a choimeád ar siúl
- chun dul i ngleic le brú tráchta uirbeach trí fheabhas a chur ar an gcóras iompar poiblí agus trí acmhainneacht bhreise a chur ar fáil le haghaidh iompair phoiblí, chomh maith le feabhas a chur ar an mbonneagar
- feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar shábháilteacht na ngréasán iompar atá ar an bhfód cheana féin

Moltar sa doiciméad seo go ndíreoidh infheistíocht ar bith in acmhainn bhreise na mbóithre a dhéanfar amach anseo ar na rudaí seo a leanas:

- Rochtain straitéiseach ar na príomhchalafoirt agus na príomh-aerfoirt a fheabhsú;
- Tacaíocht a thabhairt do thosaíochtaí aitheanta spásphleanála ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn réigiúnach, rochtain ar cheantair nach bhfuil dea-fhreastal á dhéanamh orthu faoi láthair san áireamh;
- An rochtain chuí a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do dheiseanna sonracha fostaíochta; agus
- Tabhairt faoi oibreacha riachtanacha sábháilteachta

Aithnítear sa bheartas go gcaithfear tionscadail iompair a chur i bhfeidhm i gcomhar le cur i bhfeidhm beartas tacaíochta náisiúnta, réigiúnacha agus de chuid an AE maidir le spásphleanáil, chomh maith le bearta eile le haghaidh éilimh a bhainistiú, de réir mar is cuí.

Ag Cur leis an Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021

Leagtar amach sa phlean caipitil creat an Rialtais maidir le hinfheistíocht bonneagair in Éirinn thar an tréimhse 2016 go 2021. Aithnítear sa phlean go mbraitheann fás

eacnamaíochta sa tír seo ar ár gcumas daoine agus earraí a bhogadh timpeall na tíre go gasta agus go héifeachtúil. Baineann daoine úsáid laethúil as an gcóras iompair ar chúiseanna oibre, fóillíochta agus seirbhísí poiblí, agus bíonn éifeacht dhíreach ag cúrsaí iompair ar bhonn costais na ngnólachtaí agus ar a gcumas rochtain a bheith acu ar na margaí idirnáisiúnta.

Moltar sa phlean go gcuirfear i bhfeidhm roinnt scéimeanna bóthair agus iarnróid éadroim le linn tréimhse an Ráitis seo ar Straitéis, na cinn seo a leanas san áireamh: tús a chur le nasc mearchórais iarnród cathrach go hAerfort Bhaile Átha Cliath agus go Sord a fhorbairt; Luas Traschathrach a chur i gcrích; agus na scéimeanna nua bóthair seo a leanas: an bóthar N17/18 ón nGort go Tuaim; an bóthar M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh; agus Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25.

Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 – 2035

Tá Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035 foilsithe ag Bonneagar Iompair Éireann agus creat imeasctha comhtháite leagtha amach inti chun tacaíocht agus marthanacht a thabhairt d'fhorbairt an réigiúin. Rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an straitéis seo a fhaomhadh i mí Feabhra 2016. Is iad seo a leanas na moltaí a leagtar amach sa straitéis agus a bhaineann le hobair BIÉ: an Meitreo Thuaidh nua idir lár na cathrach agus an tAerfort agus Sord; síntí breise ar an ngréasán Luas go dtí Bré, an Poll Beag, Fionnghlas agus Leamhchán; uasghrádú acomhal agus feabhsuithe eile acmhainne ar an mótarbhealach M1; agus feabhsuithe ar go leor eile bóithre náisiúnta agus mótarbhealaigh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Taisteal níos Cliste: Todhchaí Inbhuanaithe Iompair 2009-2020

Leagtar amach plean seo an Rialtais, 'Taisteal níos Cliste', chun patrúin reatha maidir le hiompar agus taisteal neamh-inbhuanaithe a aisiompú; chun drochthionchar na dtreochtaí reatha ar chúrsaí sláinte agus ar chúrsaí comhshaoil a laghdú; agus chun cáilíocht beatha na tíre seo a fheabhsú.

Ráiteas ar Straitéis na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt 2015-2017

Tá na straitéisí agus na cuspóirí a leagtar amach sa doiciméad seo ag teacht leis na cuspóirí ábhartha atá i Ráiteas ar Straitéis na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt 2015-2017. I gCuid 2, déantar plé ar shonraí ár gcuspóirí straitéiseacha agus na naisc idir cuspóirí sonracha BIÉ agus cuspóirí sonracha na Roinne.

Déanfar athbhreithniú ar bith ar an doiciméad seo a mheas i bhfianaise cuspóirí nua agus/nó athbhreithnithe a bhféadfaí a ionchorprú le himeacht aimsire i Ráiteas ar Straitéis na Roinne.

2 Cuspóirí straitéiseacha BIÉ - na rudaí a chuirfimid i gcrích

Déanfaimid réitigh a aithint agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse a chuirimid ar fáil d'ár gcustaiméirí. De réir ár bhfíse, déanfaimid cinnte go bhfuil bonneagar bhóithre náisiúnta agus iarnród éadroim na hÉireann sábháilte, inbhuanaithe agus seasmhach, agus go gcuirtear ar fáil inrochtaineacht agus luaineacht níos fearr le haghaidh daoine agus earraí.

Leagtar amach thíos ár gcuspóirí sonracha. Taispeántar in Aguisín A na naisc idir na cuspóirí sin agus na cuspóirí a leagtar amach i Ráiteas ar Straitéis na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt 2015-2017. Tá leagtha amach in Aguisín A freisin spriocdhátaí le haghaidh cur i gcrích na gclár uileghabhálacha, chomh maith leis na spriocthorthaí a bhaineann leo agus baill bhainisteoireachta BIÉ a bhfuil freagracht orthu maidir leis na gcuspóir áirithe a thabhairt slán.

Cuspóir 1 – Gréasáin shábháilte bhóithre agus iarnróid éadroime

Tá sábháilteacht ar an gceann is mó do thosaíochtaí BIÉ. Tá feabhsuithe sonracha déanta cheana féin ó thaobh shábháilteacht ár ngréasán bóithre agus iarnród éadroim, agus ba ann do mhéid ní ba lú imbhuailtí agus gortuithe dá mbarr. Ní féidir linn bheith réchúiseach áfach, agus caitheann BIÉ an-dúthracht i gcónaí le feabhas a chur ar shábháilteacht ár mbonneagair agus ár n-oibríochtaí. Chuige sin, cuirfimid i bhfeidhm an tsraith seo gníomhaíochtaí straitéiseacha atá dírithe ar na príomhrioscaí sábháilteachta.

An Clár um Rangú Sábháilteachta Gréasáin a chur i bhfeidhm

Is éard is Rangú Sábháilteachta Gréasáin ann ná próiseas a úsáideann sonraí imbhuailtí chun sábháilteacht an ghréasáin bóithre a rangú agus chun suíomhanna a aithint ar a mbíonn líon ard imbhuailtí, ar aon dul le Treoir an AE maidir le Sábháilteacht Bonneagair Bóithre a Bhainistiú. Cabhraíonn torthaí na hanailíse seo ar imbhuailtí agus bearta bliantúla feabhais á ndíriú ar shábháilteacht ar bhóithre.

An Clár Iniúchta Sábháilteachta ar Bhóithre a chur i bhfeidhm

Is nós imeachta sábháilteachta é Iniúchadh Sábháilteachta ar Bhóithre a tugadh isteach faoi Threoir an AE maidir le Sábháilteacht Bonneagair Bóithre a Bhainistiú. Is cur chuige réamhghníomhach é chun feabhas a chur ar shábháilteacht an ghréasáin náisiúnta bóithre atá ann cheana féin trí fhíorú a dhéanamh ar bhonn rialta ar na tréithe agus ar na fabhtanna ar a mbíonn obair chothabhála ag teastáil ar chúiseanna sábháilteachta.

Leanfaimid ar aghaidh le timthriallta na nIniúchtaí Sábháilteachta ar Bhóithre ar na bóithre náisiúnta ar fad. Is léiriú é seicheamh na n-iniúchtaí ar fheidhmíocht sábháilteachta na mbealaí agus beidh a rangú bunaithe ar ráta na n-imbhuailtí agus ar dhéine na n-imbhuailtí.

Bearta a chur i bhfeidhm chun líon na n-imbhuailtí bóthair/ iarnród éadroim a laghdú

Leanfaimid ar aghaidh lenár n-iarrachtaí sáraithe solais dhearg a laghdú i gcás tiománaithe gluaisteáin a mbíonn imbhuailtí le Luas mar thoradh orthu. Díreoimid go príomha ar leanúint

ar aghaidh le ceamaraí solais dhearg a chur i bhfeidhm ar acomhail thosaíochta ar an gcóras Luas, i gcomhar leis an ÚNI, leis na húdaráis áitiúla agus leis an Garda Síochána. Leanfaimid ar aghaidh freisin le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh na n-acomhal ar mhaithe le deiseanna a aithint chun feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta.

Bearta a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar phointí teagmhála le coisithe agus rothaithe

Leanfaimid orainn clár oideachais a chur i bhfeidhm maidir le hiompraíocht bhaolach i gcás coisithe agus rothaithe i ngiorracht Luas, surfáil ar thramanna agus rothaíocht in áiteanna coiscthe san áireamh. Leanfaimid ar aghaidh freisin le hathbhreithniú a dhéanamh ar aiseanna i gcomhair coisithe agus rothaithe ar ár ngréasáin agus déanfaimid feabhsuithe sábháilte spriocdhírithe a aithint agus a chur i bhfeidhm. Áit ar féidir linn, déanfaimid bearta sábháilteachta le haghaidh coisithe agus rothaithe a ionchorprú i scéimeanna nua.

Clár cumarsáide maidir le sábháilteacht

Is toisc rannpháirteach in go leor teagmhais thráchta ar bhóithre í iompraíocht úsáideoirí bóthair. Déanfaimid taighde ar iompraíocht úsáideoirí bóthair ag acomhail Luas agus déanfaimid feachtais mhargaíochta maidir le sábháilteacht ar mhaithe le hiompraíocht bhaolach tiománaithe i ngiorracht Luas a athrú. Tabharfaimid tacaíocht freisin don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir leis na feachtais sábháilteachta dá chuid a bhaineann leis an ngréasáin bóithre náisiúnta.

Cuspóir 2 – Luach sócmhainní na ngréasán bóithre náisiúnta agus iarnród éadroim a choinneáil

Is cuspóir lárnach de chreat straitéiseach an Rialtais maidir le hinfheistiú in iompar ar tír é eilimintí an chórais iompar atá tábhachtach go straitéiseach a chothabháil agus a athnuachan ar mhaithe le hinfheistíocht a rinneadh ní ba luaithe a chosaint agus chun a n-oibriú riachtanach a choimeád ar siúl. Cuirfimid bearta i bhfeidhm chun córais fhoisteanach stáit maidir le cothabháil agus athnuachan a bhaint amach, áit a ndéantar luach sócmhainní atá ann cheana féin agus bail na ngréasán bóithre náisiúnta agus Luas a choinneáil, ar mhaithe le hoibreacha costasacha athsholáthair a sheachaint amach anseo.

Córais éifeachtacha bainistíochta sócmhainní a chur i bhfeidhm

Baineann luach níos mó ná €31bn lenár ngréasán bóithre náisiúnta. Is iad ár bpábháil agus ár ndroichid na sócmhainní is tábhachtaí agus is luachmhaire atá againn go mór fada. Chun cabhrú le luach sócmhainn agus bail phábháil an ghréasáin a chothabháil, oibrímid córais shofaisticiúil bainistíochta pábhála (PMS) agus bainistíochta droichid (BMS). Trí na córais seo, déanaimid na suirbhéanna ar bhail na pábhála agus na ndroichead a chomhordanáidiú, chomh maith le beartú tosaíochta maidir le hobair riachtanach tríd an ngréasán ar fad. Chomh maith leis sin, cuirfimid feabhas ar ár gcórais bhainistíochta sócmhainne le haghaidh sócmhainne eile gréasáin, Córais Chliste Iompair (CCI), comharthaíocht bhóthair, sruthchóras agus bacainní sábháilteachta san áireamh. Tá leibhéil mhaoinithe an íseal faoi

láthair agus cuireann sé sin bac ar ár gcumas chun ár luachanna sócmhainn a chosaint. Bainfimid an leas is fearr agus is féidir as an maoiniú atá ar fáil chun luach ár sócmhainne.

Feabhas a chur ar éifeachtúlacht gníomhaíochtaí cothabhála bóthair

Ar an ngréasán nach cuid den mhótarbhealach é, déanfaimid deiseanna a chíoradh maidir le luach níos fearr ar airgead a bhaint amach trí chomhordanáidiú agus éifeachtúlacht a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí agus/nó meicníochtaí malartacha seachadta a chomhbhailiú.

Feabhas a chur ar fheidhmíocht gníomhaíochtaí cothabhála seachfhoinsithe

Seachfhoinsítear chuig oibritheoirí príobháideacha cothabháil agus oibriú ghréasáin an mhótarbhealaigh chomh maith le bhonneagar agus rothstoic Luas. Leanfaimid orainn athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gconarthaí sin ar mhaithe lena chinntiú go dtabharfaidh córais fheidhmíochta na gconarthaí slán aschur táirgeachta intomhaiste sa chéad ghlúine eile conartha.

Lárionad Oibríochtaí Mótarbhealaigh a uasghrádú

Faoi láthair, déanaimid gníomhaíochtaí na gconraitheoirí éagsúla mótarbhealaigh a chomhordaináidiú ón Lárionad Oibríochtaí Mótarbhealaigh atá lonnaithe san fhoirgnimh rialaithe i dTollán Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, déanaimid trealamh na gCorais Chliste Iompair (CCI) ar an ngréasán a bhainistiú agus a rialú, comharthaí teachtaireachtaí dinimiciúla, TCI (CCTV) agus uath-threalamh lorgaireachta teagmhais san áireamh. Ós rud é gur tháinig méadú ar an méid trealaimh atá á imlonnú le blianta beaga anuas agus go bhfuil imlonnú le teacht maidir le luasteorainneacha inathraithe agus rialú lána ar an M50, beidh gá le Lárionad Oibríochtaí Mótarbhealaigh uasghrádaithe a chur in áit an cheann atá ann faoi láthair.

Cuspóir 3 – Gréasáin sheasmhacha bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim

Cuirfimid bearta i bhfeidhm chun seasmhacht ar ngréasáin a fheabhsú i gcoinne eachtraí a d'fhéadfadh a bheith shuaiteach, imbhuailtí tráchta, teagmhais mhóra agus drochaimsir san áireamh.

Bainistíocht sholúbtha teagmhais a bhfreagraíonn don éileamh

Ó thaobh oibriú éifeachtach ár ngréasáin de, is áis ríthábhachtach í bainistíocht sholúbtha teagmhais a bhfreagraíonn don éileamh.

Leanfaimid orainn ag cur feabhais ar chúrsaí pleanála maidir le bainistíochta teagmhais, go mór mór i gcás príomhbhealaí náisiúnta, ar nós an M50 agus an N40, i gcomhar le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha, an Garda Síochána, seirbhísí éigeandála agus údaráis áitiúla san áireamh.

Foráil theagmhasach maidir le bainistíocht teagmhais agus eachtraí tubaisteacha

Is maolú tábhachtach é inúsáidteacht bealaí malartacha nuair a chuireann rud éigin isteach ar chodanna den ghréasán. I gcás bealaí atá tábhachtach go straitéiseach, déanfaimid forálacha teagmhasacha a aithint agus a chur i bhfeidhm, ina n-áirítear bealaí agus seirbhísí malartacha, ar mhaithe le déileáil le eachtraí a chuireann isteach go mór ar ár ngréasáin.

Feabhas a chur ar na seirbhísí bóithre a chuirimid ar fáil sa gheimhreadh

Sa tréimhse ó bhí drochaimsir na ngeimhrí 2009 agus 2010 ann, tá an-dul chun cinn déanta againn maidir le seasmhacht ár n-oibríochtaí geimhridh a chinntiú trí chur leis an bhflít cothabhála geimhridh; trí chumas stórála salainn a mhéadú ó 30,000 tona go 170,000 tona agus trí sholáthar salainn a lárú. Leanaimid orainn leis an gclár cothabhála geimhridh a bhainistiú go lárnach, idir réamhaisnéis a thabhairt ar dhrochaimsir, gníomhaíochtaí coisctheacha a chur i bhfeidhm agus cóireáil a chur ar bhaolacha sneachta agus leac oighir.

Leanfaimid orainn ag déanamh athbhreithnithe ar na bealaí is fearr chun seirbhís fheabhsaithe geimhridh a sholáthar agus dea-chleachtais údaráis eile náisiúnta bóthair a mbíonn ag teacht chun cinn i gcónaí á gcur san áireamh againn. Ós rud é go mbíonn gá leis an bhflít geimhridh a athnuachan agus a fheabhsú, déanfaimid plean infheistíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Déanfaimid ár ndícheall ar gcórais réamhaisnéise a fheabhsú agus ár dtreoirlínte cothabhála geimhridh a uasdátú chun an dea-chleachtas agus na nósanna imeachta a bhíonn ag teacht chun cinn a léiriú.

Cuspóir 4 – Brú tráchta a laghdú ar na gréasáin bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim

Is ríthábhachtach go dtéitear i ngleic le brú tráchta ar na gréasáin bóithre agus iarnród éadroim ar mhaithe le fás eacnamaíochta, rud a bhíonn ag brath ar luaineacht éifeachtúil daoine agus earraí. Tá éilimh níos mó anois ar ár ngréasáin mar thoradh ar an téarnamh geilleagrach. Mar fhreagra ar sin, cuirfimid breis acmhainneacht ar fáil, chomh maith le réitigh bhainistíochta tráchta agus bearta chun an buaic-éileamh a mhaolú agus/nó a laghdú.

Infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna nua bóithre agus iarnród éadroim

Infheisteoimid i mbonneagar nua bóithre agus iarnróid éadroim de réir na moltaí a leagtar amach sa chlár infheistíochta caipitil *Ag cur leis an Téarnamh.* Déanfaimid cinnte go gcuirfear ar fáil acmhainneacht chuí ar na scéimeanna sin trí shonraí cruinn agus shamhltú éilimh a dhéanamh chun riachtanais thodhchaí a aithint agus a mheas. Áit ar féidir, cruthóimid spás ar thionscadail nua le haghaidh tionscnaimh iompair chliste. Ullmhóimid riaráiste tionscadail chun a bheith réidh leis an gcéad clár eile infheistíochta caipitil.

Gréasáin bóithre éifeachtúil a aithint trí chaolas tráchta a aithint agus a chur in ord tosaíochta

Forbróimid modheolaíocht chun láithreacha ardbhrú tráchta a aithint agus a rangú ar mhaithe le infheistíocht a chur in ord tosaíochta.

Oibríochtaí cliste mótarbhealaigh a chur i bhfeidhm ar an M50

Agus líon na bhfeithiclí ag méadú de bharr an téarnaimh gheilleagraigh, bíonn brú tráchta le feiceáil arís ar an M50. Mar fhreagra air seo, cuirfimid oibríochtaí cliste mótarbhealaigh i bhfeidhm ar an M50, ina n-áirítear na cinn seo a leanas: luasteorainneacha athraitheacha a thabhairt isteach; Córais Chliste Iompair a úsáid chun an tráchta a rialú ar bhonn éifeachtach; líon na n-imbhuailtí a laghdú; agus sábháilteacht agus acmhainneacht buaicthráth a fheabhsú.

Dul i ngleic leis na baic acmhainneachta ar Luas

Rachaimid i ngleic leis an éileamh ar Luas ag an mbuaicthráth in dá shlí. Ar an gcéad dul síos, cuirfimid acmhainneacht bhreise ar fáil trí sheirbhísí níos minice a chur ar fáil agus trí tramanna níos faide a thabhairt isteach ar an Líne Ghlas, rud a dhéanfaidh acmhainneacht agus éileamh a mheaitseáil laistigh de bhaic bhonneagar agus rothstoc an Luas. Lena chois sin, déanfaimid bearta a mheas maidir leis an éileamh ag buaicthráth a leathadh, idir straitéisí praghsála agus tionscnaimh chumarsáide chun athrú a spreagadh in iompraíocht chustaiméirí ag buaicthráth.

Cuspóir 5 – Gréasáin inrochtana bhóithre agus iarnróid éadroim

Cuirfimid bearta i bhfeidhm chun inrochtaineacht ár ngréasáin a fheabhsú.

Naisc níos fearr le gréasáin bóithre agus iarnróid éadroim

Déanfaimid aistriú córa iompair a spreagadh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath tri naisc fheabhsaithe a chur ar fáil chuig modhanna iompair a bhfuil ard-acmhainneacht acu, láithreáin straitéiseacha Pháirceála agus Taistil a fhorbairt de réir straitéis iompair ÚNI do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath san áireamh.

Oibreoimid go dlúth le húdaráis áitiúla chun rochtain ar stadanna Luas a fheabhsú, tréscaoilteacht fheabhsaithe i gcás forbairtí cónaithe i ngiorracht an chórais Luas.

Freastal a dhéanamh ar úsáideoirí leochaileacha bóthair

Ait a bhfuil sé indéanta agus cuí, déanfaimid dea-fhreastal i gcomhair coisithe agus rothaithe agus tionscadail nua á ndearadh againn.

Cuspóir 6 – Gréasáin inbhuanaithe bhóithre agus iarnróid éadroim

Glacann BIÉ leis go bhfuil gá le soláthar inbhuanaithe bonneagar agus oibríochtaí bóithre agus iarnród éadroim, maidir leis na seirbhísí atá ann faoi láthair agus tionscadail amach anseo. Ar aon dul le prionsabail na hinbhuanaitheachta, déanfaimid ár gcuid chun

astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Is é an rud is mó ar féidir le BIÉ a dhéanamh ná brú tráchta ar ár ngréasán bóithre a laghdú, agus aistriú córa iompair a spreagadh ó ghluaisteán phríobháideach go hiompar poiblí. Cabhróidh sé sin leis le laghdú an mhéid breosla iontaise a úsáidtear ag gluaisteáin, busanna agus feithiclí earraí.

Oibríochtaí a sholáthar atá tíosach ar fhuinneamh

I gcomhar lenár gcomhpháirtithe oibríochta agus cothabhála, forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta Fuinnimh a bhfuil sé mar aidhm aige úsáid fuinnimh a laghdú inár n-oibríochtaí gréasáin. Sa phlean, tabharfar sonraí na tionscnaimh atá le cur i bhfeidhm agus sonraí na socruithe monatóireachta agus tuairiscithe atá le déanamh freisin ar mhaithe leis an mórsprioc fuinnimh a bhaint amach. Tabharfaimid tacaíocht do chur i bhfeidhm an phlean seo tríd an úsáid agus an imlonnú is fearr a bhaint as teicneolaíocht na gCóras Cliste Iompair.

Éifeachtúlacht fuinnimh a neadú i dtionscadail nua

Déanfaimid éifeachtúlacht fuinnimh a neadú i ndearadh agus i dtógáil ár scéimeanna bóithre agus iarnróid éadroim. Forbróimid nós imeachta maidir le measúnú inbhuanaitheachta a dhéanamh ar thionscadail BIÉ, athbhreithniú dearaidh maidir le heifeachtúlacht fuinnimh san áireamh, agus déanfaimid é sin a ionchorprú i bpróiseas dearaidh ar dtionscadail go léir. Tabharfaimid faoi thaighde chun ár gcuid eolais agus tuisceana a mhéadú i dtaobh carbón corpraithe a bhaineann lenár gcuid oibre agus mar is féidir é a bhainistiú agus a laghdú.

Tionchar comhshaoil ár dtionscadal agus ár n-oibríochtaí a laghdú

Beidh cúrsaí comhshaoil, i gcomhchomhairle le páirtithe leasmhara cuí, ina dtéama lárnach i gcónaí i gcur chuige BIÉ i leith gréasán bóithre náisiúnta agus iarnród éadroim a phleanáil, a thógáil, a oibriú agus a chothabháil.

Déanfaimid staidéir i ndiaidh scéimeanna a chur i bhfeidhm maidir lena dtionchar ar an gcomhshaol a mheas, chun a chinntiú go gcuirtear ceachtanna foghlamtha agus nósanna dea-chleachtais a chur san áireamh i scéimeanna amach anseo. Cuirfimid béim ar leith ar mheasúnú agus ar chothabháil bearta ar nós sruthchórais, bearta maolaithe torainn, feabhsú agus tírdhreachú éiceolaíochta, chun a chinntiú go n-oibríonn an gréasán bóithre agus iarnróid ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Scrúdóimid slite chun tionchar ár n–oibríochtaí geimhridh ar an gcomhshaoil a mheas, ró-úsáid salainn san áireamh.

A chinntiú go gcuirtear gach rogha san áireamh agus tionscadail á bhforbairt

Tionchair chomhshaoil a bhíonn i groí-lár an phróisis chinnteoireachta agus BIÉ i mbun tionscadal a fhorbairt. Cinnteoimid go ndéantar machnamh agus breithiúnas ar gach rogha féideartha agus tograí tionscadail á fhorbairt. Déanfar na tionchair chomhshaoil a mheas i gcoinne chostas agus leasa eile na scéime beartaithe, rud a thugann deis do BIÉ dearcadh tomhaiste a bheith aige i leith na roghanna cuí ar cóir dó a dhéanamh.

Ár gcuid a dhéanamh ar son na pleanála i leith úsáid inbhuanaithe talún

Oibreoimid go dlúth le páirtithe leasmhara, údaráis áitiúla agus ÚNI san áireamh, chun a chinntiú go mbíonn cuspóirí náisiúnta agus áitiúla úsáid talún iomlán léirithe inár dtionscadail agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Déanfaimid comhchomhairle le ÚNI chun beartais úsáid talún a thugann tacaíocht do sholáthar forbartha nua a spreagadh, forbairt a dhéantar in áiteanna agus ag dlúsanna a chumasaíonn soláthar seirbhísí iompair phoiblí agus a chabhraíonn le leasa eacnamaíochta infheistíochta reatha agus infheistíochtaí todhchaí a bhaint amach.

Cuspóir 7 – Oibríochtaí tráchtála atá inbhuanaithe ó thaobh airgid de

Cinnteoimid go mbainfidh farasbarr le feidhmiú ár n-oibríochtaí tráchtála i gcónaí, an córas dola agus gnó bhonneagar Luas san áireamh, i mbealach a gclúdaíonn a gcostais oibríochtúla agus chothabhála gan aon ghá le fóirdheontas Rialtais. Cuirfimid roinnt mhaith gníomhaíochtaí straitéiseacha i bhfeidhm ar mhaithe leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

Barr feabhais a chur ar an bhfreagairt a thugaimid ar sheirbhísí Luas a fhorbairt de réir éilimh

Tabharfaimid freagairt stuama ar an éileamh atá ag dul i méid maidir le seirbhísí Luas, agus bainfimid úsáid as meascán d'infheistíocht i mbonneagar chun chumas breise a chur ar fáil agus bearta bainistíochta éilimh. Déanfaimid urraíocht, i gcomhar leis an ÚNI, bearta praghsála táillí chun an buaic-éileamh a leathadh ar mhaithe leis an éileamh a shásamh gan gá le hacmhainn a mhéadú ag an mbuaicthráth.

Soláthar dearaidh chun oibritheoir nua dola a dhreasú chun barr feabhais a chur ar bhailiúcháin

Is oibritheoir príobháideach a bhainistíonn gnó dola an M50. Déanfaimid athbhreithniú ar fheidhmíocht an chonartha reatha agus déanfaimid an straitéis soláthar a dhearadh chun dreasachtaí agus bailiúcháin is fearr agus is féidir a chinntiú.

An córas forfheidhmithe bailithe dola a neartú

Leanfaimid orainn ag cur feabhais ar ár bplean forfheidhmithe agus comhlíontachta, cásanna sibhialta agus cásanna coiriúla a leanúint i gcoinne daoine a dhéanann calaois maidir le dolaí san áireamh, agus forfheidhmiú eachtrach a leanúint freisin.

Bainistíocht riosca agus deiseanna

Úsáidfimid éirim thráthúil agus chruinn ghnó chun deiseanna a aithint agus a leanúint le haghaidh éifeachtúlachtaí feabhsaithe inár n-oibríochtaí tráchtála. Déanfaimid rioscaí móra a bhainistiú go réamhghníomhach tríd an gnó ar fad, agus cinnteoimid go leithdháiltear rioscaí don pháirtí is cuí chun luach ar airgead a chinntiú.

3 Mar a oibreoimid

Cuirfimid ár gcuid oibre i gcrích i slí a léireoidh ár gcuid luachanna agus a chinnteoidh go gcuirfear ár gcuspóirí straitéiseacha i ngníomh.

Ionracas

Spreagfaimid muinín trí mhacántacht, trí chothroime agus trí chuntasacht a chur chun cinn. Beidh na rudaí seo a leanas a dhéanfaimid mar bhonn agus thaca dó sin:

- Rialachas láidir, rialú inmheánach agus cleachtais bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm
- Comhlíontacht leis an reachtaíocht ar fad, dlíthe a bhaineann le soláthar, le cosaint sonraí agus le cúrsaí comhshaoil san áireamh a chinntiú
- Comhlíontacht leis na coinníollacha pleanála ar fad agus le socruithe tríú páirtí a chinntiú

Meon na Seirbhíse Poiblí

Táimid tiomanta do sheirbhís atá ar ardchaighdeán agus do luach a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann. Coimeádfaimid fócas láidir ar sheirbhís atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí sheirbhísí bóthair agus iarnród éadroim BIÉ, agus chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil ár dtionscadail go léir.

Fócas láidir ar chustaiméirí

Tá meas againn ar ár gcustaiméirí agus déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Cairteacha custaiméirí agus pleananna gníomhaíochta custaiméirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Eolas tráthúil atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil maidir le seirbhísí BIÉ, agus maidir le briseadh ar bith seirbhíse a bhíonn ann. Bainfear leas as réimse leathan bealaí cumarsáide chun go mbeidh daoine in ann teacht go héasca ar an eolas sin
- Aiseolas a lorg ó chustaiméirí sheirbhísí BIÉ chun tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfuil uathu agus chun feabhas a chur ar cháilíocht ár cuid seirbhísí

Cur i bhfeidhm éifeachtach

Déanfaimid cinnte go bhfaigheann Rialtas na hÉireann agus muintir na hÉireann an luach is fearr ar airgead a infheistítear i gcórais iompair, trí sheirbhísí agus trí thionscadail a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil. Déanfaimid na rudaí seo a leanas chuige sin:

- Fócas láidir tráchtála a ghlacadh maidir lenár n-oibríochtaí a bhainistiú
- Infheistíochtaí ar fad a mheas de réir an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus de réir an Chreata Bhreithmheasa Coitianta um Tionscadail agus Clair Iompair

- Cosaintí agus córais éifeachtacha a chur i bhfeidhm ar mhaithe le rioscaí corparáideacha, feidhmíochta agus tionscadail a bhainistiú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail le linn a bhforbartha chun a chinntiú go mbainfear amach na leasa beartaithe
- Creat éifeachtach tosaíochtaí a chur i bhfeidhm chun an luach is fearr agus is féidir a fháil ó chistí teoranta

Comhoibriú

Bainimid ár spriocanna amach trí obair éifeachtach bhuíne, trí chumarsáid agus trí chomhpháirtíocht a chothú. Déanfaimid na rudaí seo a leanas chuige sin:

- Clú dearfach a chur ar bun agus caidreamh éifeachtach a chothú leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara eile.
- Oibreoimid i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, chomh maith leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus gníomhaireachtaí cuí rialaithe, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Oifig um Rialáil Iarnród san áireamh.
- Caidrimh láidir fhadtréimhseach shlabhra an tsoláthair a fhorbairt.

Nuálaíocht

Daoine

Is cuid ríthábhachtach do rath BIÉ na baill foirne. Tabharfaimid tacaíocht dár bhfoireann trí dheiseanna gairme a aithint, trí oiliúint a chur ar fáil, trí chumas ardfheidhmíocht a spreagadh agus trí bharr feabhais a aithint.

Déanfaimid ár gcumais a fhorbairt chun a dhéanamh cinnte go n-aithnítear BIÉ mar phríomhshaineolaí ar bhonneagar iompair in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ar mhaithe leis sin a chur i gcrích, déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- struchtúr eagraíochta saineolaíoch solúbtha a fhreagraíonn don éileamh a chur i bhfeidhm i BIÉ
- straitéis foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm ar mhaithe lenár gcumas bainistíochta tionscadal a neartú agus chun saineolaithe ábhair a fhorbairt
- clár cóitseála foirne agus monatóireachta a chur i bhfeidhm
- foireann BIÉ a chumasú chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus chun fiontraíocht a spreagadh
- pleanáil réamhghníomhach a chur i bhfeidhm maidir le lucht saothair agus cúrsaí comharbais

Teicneolaíochtaí agus cleachtais

Lorgóimid réitigh chruthaitheacha chun feabhas a chur ar sheirbhísí BIÉ trí theicneolaíochtaí agus cleachtais nuálacha a úsáid. Déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Taighde agus forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nuálacha tógála, ar réitigh shábháilteachta agus ar réitigh chomhshaoil
- Obair a dhéanamh le comhpháirtithe, CSBE agus CIIP san áireamh, chun eolas agus ceachtanna foghlamtha a roinnt
- Leanúint ar aghaidh le ceachtanna a foghlaimíodh ar thionscadail BIÉ a scaipeadh i measc na foirne agus a ionchorprú i scéim ar bith sa todhchaí
- Leanúint ar aghaidh lenár gcaighdeáin theicniúla uasdátú chun dea-chleachtais idirnáisiúnta a léiriú
- Cleachtais chliste soláthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

4 Acmhainní agus Imlonnú

Caiteachas agus maoiniú

Maoineofar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Ráiteas seo ar Straitéis as meascán de na rudaí seo a leanas: maoiniú Státchiste; deontais ÚNI; maoiniú CPP; scéimeanna tobhaigh a chuirtear i bhfeidhm faoi Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt; agus farasbarr oibríochtaí tráchtála BIÉ.

Baineann an maoiniú a bheidh ag teastáil chun na feabhsuithe bóithre agus iarnród éadroim atá beartaithe a chur i gcrích leis na méideanna maoiniúcháin atá geallta sa phlean de chuid an Rialtais 'Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil: Ag Cur leis an Téarnamh'.

Maoiníonn an Státchiste costas ghníomhaíochtaí corparáideacha agus riaracháin BIÉ ar bhonn bliantúil.

Daoine agus Struchtúr Eagraíochta

Eascraíonn an neart uathúil ata ag BIÉ ón gcomhleá ar fad eolais agus meon atá bunaithe ar an taithí a bhaineann le saolréanna iomlána ag soláthar bonneagair agus seirbhísí bóthair agus iarnród éadroim. Téann saineolas teistithe BIÉ ó choincheapú agus ó phleanáil luath; trí bhonneagar a sholáthar mar thoradh ar bhainistíocht tionscadal; go dtí seirbhísí a bhainistiú go leanúnach agus eispéireas dearfach a thabhairt do chustaiméirí.

Ní chomhlíonfaí freagrachtaí BIÉ gan an fhoireann oilte ilchodach ar fud na tíre a dhéanann 4,000 post go cumasach. San fhoireann sheachfhoinsithe fhorleitheadach seo tá fostaithe údaráis áitiúla; conraitheoirí a bhíonn gafa le soláthar, cothabháil agus oibriú an bhonneagair agus na seirbhísí; agus soláthróirí seachtracha seirbhísí.

Forbraíodh ár struchtúr eagraíochta chun tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Straitéis BIÉ trí údarás agus na freagrachtaí a théann leis a tharmligean go soiléir do lucht na sé rannóg a thaispeántar i bhfigiúr 1.

Déanann ár struchtúr cur síos ar shocruithe tuairiscithe agus ar ghrádlathas cinnteoireachta na heagraíochta. Tugann sé tacaíocht do chumarsáid, do bhunú foirne ildisciplíneacha agus do cheannaireacht gan bac a chur leo.

Is tasc leanúnach ríthábhachtach bainistíochta é imlonnú cuí na n-acmhainní inmheánacha atá ar fáil agus freagrachtaí a chur ar dhaoine de réir inniúlachta chun a chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí na heagraíochta.

Is 250 fostaí ar choibhéis lánaimseartha sprioc Chreat Rialaithe Fostaíochta BIÉ. Táthar ag súil go mbainfear an sprioc sin amach faoi 2018.



Figiúr 3: Léaráid na hEagraíochta

Maoin

Tá BIÉ tiomanta dá shócmhainní talaimh agus foirgnimh a bhainistiú de réir Beartas an Rialtais maidir le sealbhú maoine agus diúscairt maoine bhreise mar a leagtar amach i gCiorcláin 17/2016 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dar teideal "Beartas maidir le Sealbhú Maoine agus Diúscairt Maoine Bhreise".

Aguisín A

Cuspóir 1	Gréasáin bhóithre agus gréasáin iarnród éadroime sábháilte
An cuspóir rannóige atá á thacú	Sábháilteacht ar na bóithre agus ar na hiarnróid éadroim a chur chun cinn agus a fheabhsú

Gníomhaíocht thaca	**Bainisteoir atá freagrach**	**Táscairí ar aschur**	**Táscairí toraidh**
An Clár um Rangú Sábháilteacht Gréasáin a chur i bhfeidhm	Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	Suíomhanna ard-riosca ar an ngréasán bóithre a aithint go bliantúil de réir chaighdeán BIÉ HD15	Liosta rangaithe suíomhanna le haghaidh tosaíochtaí infheistíochta
An Clár Iniúchta Sábháilteachta ar Bhóithre a chur i bhfeidhm	Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	Iniúchtaí Sábháilteachta ar Bhóithre a dhéanamh ar Bhóithre Náisiúnta de réir chaighdeán BIÉ HD17	Liosta de chúrsaí agus rioscaí aitheanta maidir le sábháilteacht ar bhóithre
Bearta a chur i bhfeidhm chun líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/ Stiúrthóir Cláir Chaipitil Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	Gníomhaíochtaí BIÉ a chur i gcrích faoi na spriocdhátaí mar a leagtar amach iad i Straitéis Sábháilteachta Bóthair ÚSB	Laghdú i líon na mbásanna ar bhóithre náisiúnta de réir spriocanna uaillmhianacha an ÚSB
Bearta a chur i bhfeidhm chun líon na n-imbhuailtí bóthair/ iarnród éadroim a laghdú	Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála / Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	Ceamaraí forfheidhmithe solais dhearg a chur i bhfeidhm ag 10 n-acomhal Luas faoi 2020 Athbhreithniú ar dhearadh acomhail Luas	Gan bás ar bith ar na bóithre mar thoradh ar imbhuailtí bóthair/ iarnród éadroim
Bearta a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar phointí teagmhála le coisithe agus rothaithe	Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Clár oideachais le haghaidh úsáideoirí leochaileacha bóthair Feabhsuithe sábháilteachta spriocdhírithe	Gan bás ar bith coisí nó rothaí mar thoradh ar oibríochtaí Luas
Clár cumarsáide maidir le Sábháilteacht ar Luas	Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	4 fheachtas cumarsáide sábháilteachta gach bliain	Feasacht níos fearr maidir le húsáideoirí leochaileacha Luas

Cuspóir 2	Luach sócmhainní na ngréasán bóithre náisiúnta agus iarnród éadroim a choinneáil
An cuspóir rannóige atá á thacú	Na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí chun cothabháil, sábháilteacht, athnuachan agus feabhsú na ngréasán cuí iompair ar a chinntiú

Gníomhaíocht thaca	**Bainisteoir atá freagrach**	**Táscairí ar aschur**	**Táscairí toraidh**
Córais éifeachtacha bainistíochta sócmhainní a chur i bhfeidhm	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/ Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Córais bhainistíochta sócmhainne a chur i bhfeidhm go héifeachtach , agus an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an gciste reatha maoinithe Oibreacha cothabhála agus athnuachana ar an mótarbhealach a chur i bhfeidhm go héifeachtach Cothabháil ar ghréasán Luas a sheachfhoinsiú Nósanna imeachta cothabhála feabhsaithe a chur chun cinn i gcomhar le húdaráis áitiúla	Tuairisciú bliantúil ar tháscairí feidhmíochta maidir lenár sócmhainní gréasáin Táscairí feabhsaithe nó mar an gceanna maidir le bail shócmhainní Luas Gan aon ghá le fóirdheontas le haghaidh oibrithe nó cothabhála Luas
Dul i ngleic le bloghadh i ngníomhaíochtaí cothabhála bóthair	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin	Deiseanna a aithint chun gníomhaíochtaí cothabhála a réasúnú nó a chomhbhailiú	Méadú i dtáirgeachta maidir leis an mbuiséad bliantúil cothabhála
Feidhmíocht na ngníomhaíochtaí cothabhála seachfhoinsithe a fheabhsú	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/ Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht sheachfhoinsithe agus córais fheidhmíochta na gconarthaí a leasú i gconarthaí na chéad ghlúine eile.	Feabhas a chur ar na spriocanna feidhmíochta conartha a mbainfear amach
Lárionad Oibríochtaí Mótarbhealaigh a uasghrádú	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin		Lárionad Oibríochtaí Mótarbhealaigh a bheith ag feidhmiú in am chun tabhairt faoi uasghrádú luasteorainneacha inathraithe an M50 a bhainistiú

Cuspóir 3	Gréasáin sheasmhach bóithre náisiúnta agus iarnród éadroim a chur ar fáil
An cuspóir rannóige atá á thacú	Na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí chun cothabháil, sábháilteacht, athnuachan agus feabhsú na ngréasán cuí iompair ar tír a chinntiú

Gníomhaíocht thaca	**Bainisteoir atá freagrach**	**Táscairí ar aschur**	**Táscairí toraidh**
Bainistíocht sholúbtha teagmhais a bhfreagraíonn don éileamh	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/ Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	Plean bainistíochta teagmhais a dhéanamh maidir le Luas Pleanáil fheabhsaithe bainistíochta teagmhais dhéanamh maidir le príomhbhealaí mótarbhealaigh	Laghdú i líon na gciliméadar caillte ar Luas maidir le teagmhais Laghdú sa mhéid ama a bhíonn an mótarbhealach dúnta de dheasca teagmhais mhóra
Foráil theagmhasach maidir le bainistíocht teagmhais agus eachtraí tubaisteacha	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/ Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Pleananna BIÉ a dhéanamh i gcás teagmhais thromchúiseacha ar bhóithre náisiúnta agus ar Luas faoi 2016 Foráil theagmhasach, bealaí malartacha san áireamh, a dhéanamh faoi 2020 maidir le bealaí atá tábhachtach go straitéiseach Seirbhísí ionadacha bus in áit Luas de réir mar is gá	Mearfhreagairt i gcás teagmhas mór agus eachtraí tubaisteacha
Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí bóithre sa gheimhreadh	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/	Plean infheistíochta a fhorbairt maidir le flít gheimhridh a athnuachan Feabhsuithe a bhaint amach i gcónaí maidir le cruinneas réamhaisnéise agus cinnteoireacht oibríochta	Feidhmíocht fheabhsaithe oibríochta – laghdú i minicíocht leac oighir ar an ngréasán bóithre náisiúnta Gan ciliméadar ar bith a chailliúint ar Luas de dheasca drochaimsire gheimhridh

Cuspóir 4	Feabhas a chur ar bhrú tráchta ar na gréasáin bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim
An cuspóir rannóige atá á thacú	Na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí chun cothabháil, sábháilteacht, athnuachan agus feabhsú na ngréasán cuí iompair ar tír a chinntiú

Gníomhaíocht thaca	**Bainisteoir atá freagrach**	**Táscairí ar aschur**	**Táscairí toraidh**
Infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna nua bóithre agus iarnród éadroim	Stiúrthóir Cláir Chaipitil	N17/N18 ón nGort go Tuaim CPP curtha i gcrích faoi 2018 laistigh den bhuiséad N11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh CPP curtha i gcrích faoi 2019 laistigh den bhuiséad Luas Traschathrach ar oscailt faoi 2018 laistigh den bhuiséad	Am taistil níos giorra ó Ghort go Tuaim agus ó Ghuaire go hInis Córthaidh 40 milliún turas paisinéara sa bhliain ar an ngréasán Luas
Gréasáin bóithre éifeachtúil a aithint trí chaolas tráchta a aithint agus a chur in ord tosaíochta	Stiúrthóir Cláir Chaipitil	Liosta de láithreacha aitheanta ardbhrú tráchta a uasdátú go bliantúil	Iontaofacht fheabhsaithe maidir leis an am a bhaineann le turais ar an ngréasán ar fad
Oibríochtaí cliste mótarbhealaigh a chur i bhfeidhm ar an M50	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/	Luasteorainneacha athraitheacha a chur i bhfeidhm ar an M50 faoi 2018 Ardchórais chliste iompair a chur i bhfeidhm ar an M50	Am taistil níos giorra ag bauicthráth ag an M50
Dul i ngleic leis na baic acmhainneachta ar Luas	Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Clár Feabhsaithe Acmhainneachta a ar an Líne Ghlasa chríochnú faoi 2019 laistigh den bhuiséad	Méadú 20% in acmhainneacht Líne Ghlas an Luas
Bainistíocht feabhsaithe teagmhas	Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/ Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Plean agus prótacal ilghníomhaireachta maidir le teagmhais a bhainistiú a bheith déanta faoi 2017	Laghdú i líon na n-iaimh bóthair náisiúnta de dheasca fiosrúchán teagmhais

Cuspóir 5	Gréasáin inrochtana bhóithre agus iarnróid éadroim inrochtana
An cuspóir rannóige atá á thacú	Leanúint ar aghaidh le córas iompair inrochtana a fhorbairt

Gníomhaíocht thaca	**Bainisteoir atá freagrach**	**Táscairí ar aschur**	**Táscairí toraidh**
Naisc níos fearr le gréasáin bóithre agus iarnróid éadroim	Stiúrthóir Cláir Chaipitil	Áiseanna breise Páirceála agus Taistil a fhorbairt de réir Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	Úsáid níos mó á baint as láithreáin Pháirceála agus Méadú sa chuid de thurais a dhéantar ar an gcóras iompair phoiblí
Freastal a dhéanamh ar úsáideoirí leochaileacha bóthair	Stiúrthóir Cláir Chaipitil	Freastal a dhéanamh ar choisithe agus ar rothaithe i dtionscadail nua Athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin Dearadh BIÉ maidir le úsáideoirí nach úsáideoirí mótar iad	Méadú ó thaobh siúil agus rothaíochta de
Feabhas a chur ar inrochtaineacht daoine beagluaineachta	Stiúrthóir Cláir Chaipitil	Freastal a dhéanamh ar dhaoine beagluaineachta i dtionscadail nua	Luas 100% inrochtana dá úsáideoirí ar fad

Cuspóir 6	Gréasáin inbhuanaithe bhóithre agus iarnróid éadroim inrochtana
An cuspóir rannóige atá á thacú	Iompar cliste a chur chun cinn; inbhuanaitheacht níos fearr a chur ar aghaidh i dtaisteal paisinéirí agus in iompar lastais; cur le maolú athruithe aeráide agus oibleagáidí

Gníomhaíocht thaca	**Bainisteoir atá freagrach**	**Táscairí ar aschur**	**Táscairí toraidh**
Oibríochtaí a sholáthar atá tíosach ar fhuinneamh	Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála / Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/ Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha/ Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	Plean Gníomhaíochta Fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na spriocanna a leagtar amach ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a bhaint amach faoi 2020. Beartas agus plean inbhuanaitheachta BIÉ a fhorbairt	Úsáid fuinnimh a laghdú i bríomhghníomhaíochtaí BIÉ Úsáid breosla an Luas a laghdú Soilsiú bealaí tráchta agus úsáid oibríochta breosla in aghaidh an chiliméadair de bhóthar náisiúnta a laghdú de réir spriocanna náisiúnta
Éifeachtúlacht fuinnimh a neadú i dtionscadail nua	Stiúrthóir Cláir Chaipitil	Athbhreithnithe dearaidh maidir le heifeachtúlacht fuinnimh a chur i bhfeidhm i leith thionscadail BIÉ faoi 2017	Carbón corpraithe i scéimeanna bóithre agus iarnróid éadroim BIÉ a laghdú
Tionchar comhshaoil ár dtionscadal agus ár n-oibríochtaí a laghdú	Stiúrthóir Cláir Chaipitil/ Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála / Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin/ Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	Measúnaithe iarfheidhmithe scéimeanna a dhéanamh maidir lena dtionchar ar an gcomhshaol a mheas ar N7/N18 CPP, M11 CPP agus Luas Traschathrach Sraith treoirlínte pleanála, dearaidh agus oibríochtaí BIÉ a choimeád	Gréasán bóithre agus iarnróid atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
A chinntiú go gcuirtear gach rogha san áireamh agus tionscadail á bhforbairt	Stiúrthóir Cláir Chaipitil	Tuarascáil ar roghanna i gcás gach tionscadal BIÉ	Tionchar laghdaithe ar an timpeallacht nádúrtha agus ar an timpeallacht thógtha
Ár gcuid a dhéanamh ar son na pleanála i leith úsáid inbhuanaithe talún	Stiúrthóir Seirbhísí Proifisiúnta	Tionscadail BIÉ ar fad i gcomhréir le pleananna agus le beartas BIÉ	Méadú i ndlús daonra agus i ndlús fostaíochta ar bhealaí Luas

Cuspóir 7	Oibríochtaí tráchtála atá inbhuanaitheach ó thaobh airgid de
An cuspóir rannóige atá á thacú	Na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí chun cothabháil, sábháilteacht, athnuachan agus feabhsú na ngréasán cuí iompair ar tír a chinntiú Eifeachtúlachtaí agus cuíchóiriú a spreagadh i gcuideachtaí iompair phoiblí

Gníomhaíocht thaca	**Bainisteoir atá freagrach**	**Táscairí ar aschur**	**Táscairí toraidh**
Barr feabhais a chur ar an bhfreagairt a thugaimid ar sheirbhísí Luas a fhorbairt de réir éilimh	Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Acmhainneacht ar an Líne Ghlas ag buaicthráth a mhéadú faoi 2019 Beartais táillí a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil i gcomhar leis an ÚNI chun buaic-éilimh a leathadh	Laghdú i líon na bpaisinéirí a fhágtar ag stadanna Luas ag buaicthráth
Soláthar a dhearadh chun oibritheoir nua dola a dhreasú chun barr feabhais a chur ar bhailiúcháin	Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Conradh 2ú glúin a dhéanamh faoi 2016 agus córas feabhsaithe feidhmíochta	Méadú i mbarrachas ó oibríochtaí dola
An córas forfheidhmithe bailithe dola a neartú	Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála	Plean Forfheidhmithe agus Comhlíontachta	Drochfhiacha a laghdú ar oibríochtaí dola
Bainistíocht riosca agus deiseanna	Stiúrthóir Seirbhísí Gnó	Próiseas Riosca Fiontraíochta agus Coiste Riosca Fiontraíochta faoi 2016 Quarterly review and reporting of Enterprise risks	Éifeachtúlachtaí feabhsaithe in oibríochtaí agus i ngníomhaíochtaí corparáideacha

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Ionad Ghnó Gheata na Páirce,
Stráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8, Éire

Parkgate Business Centre,
Parkgate Street,
Dublin 8, Ireland

www.tii.ie

info@tii.ie

+353 (01) 646 3600

+353 (01) 646 3601